

# Saol Ella



## Eipeasóid 3: Ceacht 1

Tá an ceacht seo bunaithe ar an gclár *Saol Ella* – Eipeasóid 3: Cuid 1 **(00:00 – 11:02).**
Tá an mhír físe ar fáil ag: **https://snas.ie/lessons/eipeasoid-3-ceacht-1/**

**A. RÉAMHOBAIR**

Sula mbreathnóidh tú ar an mír físe, pléigh na ceisteanna seo a leanas.

1. San eipeasóid dheireanach, bhris a lán daoine a lán **rialacha** éagsúla. Cé a bhris rialacha agus cé acu rialacha a bhris siad?
2. San eipeasóid seo, tagann **réalta cheoil** go Coláiste Mhaigh Rua. Ar fhreastail tú riamh ar cheolchoirm nó ar ghig mhór de chuid an cheoltóra is fearr leat? Déan cur síos ar an eispéireas. Cén réalta/cé hiad na réaltaí ceoil is fearr leat agus cén fáth?
3. Tá poist **pháirtaimseartha** á lorg ag carachtair éagsúla sa chlár seo. An bhfuil post páirtaimseartha agat féin? Cén saghas poist é? An maith leat é? Mura bhfuil post agat, an bhfaigheann tú airgead póca ó do thuismitheoirí? Cé mhéad a fhaigheann tú sa tseachtain? Céard air a gcaitheann tú do chuid airgid?




snas.ie
© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**B. CLUASTUISCINT**

Anois, féach ar an mír físe agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cé atá le teacht go Gaillimh?
2. Deir Dan go bhfuil Mamó imithe ar feadh:
    a. cúpla seachtain
    b. cúpla lá
    c. roinnt laethanta
3. Céard í an bhuairt *is mó* atá ar Ghearóidín?
    a. Nach mbeidh sí réidh in am don réamhthaispeántas.
    b. Nach mbeidh Barra sásta le caighdeán an Choláiste.
    c. Nach mbeidh go leor trealaimh aici.



4. Cén leasainm a baistíodh ar Mhurt agus é ina ghasúr óg?
5. Ainmnigh an triúr nach féidir le Ella, Treas agus Naoise a thabhairt go Gaillimh ag an deireadh seachtaine.
6. Cén duine a luann Ella a bheadh in ann lámh chúnta a thabhairt do Ghearóidín leis an teilgeoir?
7. Céard a deir Murt faoi Bharra agus é ina scoláire ag Máirín Jude?
    a. gur pian cheart a bhí ann
    b. gur thug sé tinneas cinn dó
    c. gur pian sa tóin a bhí ann
8. Cé a bhuann comórtas ciceála Liam?
9. Cén chaoi *go díreach* a mothaíonn athair Ella ag deireadh an chláir?
    a. faoi bhrón
    b. faoi bhrú
    c. faoi dheifir





snas.ie


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad


**C. FEASACHT LITEARTHA**

**Pléigh na ceisteanna seo a leanas le do pháirtí ranga.**

1. Tá greann le feiceáil san ainm **Barra de Barra.** Cén chaoi a gcuirtear greann in iúl lena ainm?
2. Cén **saghas duine** é Barra de Barra? An féidir leat cur síos a dhéanamh air?
3. Tá **Mamó** imithe léi sa chlár seo. Cén duine is mó a fhulaingíonn **dá huireasa**?
4. Léiríonn **Liam** sa chlár seo arís gur duine seiftiúil é. Cén chaoi?
5. Cén fáth nach bhfuil Dan sásta ligean do Ella dul go dtí an taispeántas sa Choláiste? An dóigh leat go bhfuil **cothrom na Féinne** á thabhairt ag Dan dá iníon?













© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**D. FEASACHT TEANGA**

Léigh **an t-agallamh seo** idir Liam agus Murt Ó Fathartha. Tá **cúig bhotún déag** san agallamh. An féidir leat iad a aimsiú agus a cheartú? Scríobh na freagraí sa tábla thíos.

| | |
|---|---|
| 1 | **Liam:** Anois, a Mhuirt, inis dom faoi d'óige agus tú ag fás aníos ag imirt peil. |
| 2 | **Murt:** Dheara, a Liamín, ní raibh lá ar bith a d'imigh tharaim agus mé i mo ghasúr óg |
| 3 | nach raibh liathróid peile i mo láimh, bíodh a fhios agat. Ba chuma, sioc ná sneachta, |
| 4 | gála ná gaoth, bhínn amuigh ar an páirc thuas in aice leis an tseanscoil agus mé ag |
| 5 | ciceáil agus ag cleachtadh. |
| 6 | **Liam:** An mó am a chaith tú ag cleachtadh a Mhuirt? |
| 7 | **Murt:** Domhnach is Dalach, bhínn amuigh, a dheartháir. Gach uile lá beo, tar éis scoile, |
| 8 | thabharfainn canta aráin liom i mo póca agus abhae liom suas ar an bpáirc. Bhíodh sé |
| 9 | de nós agam a bheith ag ciceáil thart le mo dheartháir, Seán, atá imithe uainn anois |
| 10 | dhá scór bliain, go ndéana Dia maithis dó. Sárpheileadóir ab ea Seán seo againne, |
| 11 | d'imir sé ar son an Gaillimhe in éineacht liom, bíodh a fhios agat. |
| 12 | **Liam:** Céard iad na rudaí a chuidigh leat feabhas a chur ar do chuid scileanna? |
| 13 | **Murt:** Bhuel, bhínn amuigh gach uile lá. Cuidíonn sin, an dtuigeann tú? Bíonn ort a |
| 14 | bheith dílis don pheil, í a imirt agus í a chleachtadh de shíor. Bhí bainisteoir iontach |
| 15 | sa club ag an am, an máistir scoile, Mícheál Peaits Mac Donnacha agus bhí fios na ceirde |
| 16 | aige gan dabht. Thug sé neart cúnamh dom agus do Sheán ár gcuid scileanna a |
| 17 | fheabhsú sna seisiúin traenála agus leag sé an-bhéim go deo ar dhea-nósanna |
| 18 | itheacháin agus ar an aclaíocht. Théimis amach gach re lá ag rith. Chuidigh sin linn |
| 19 | cinnte. |
| 20 | **Liam:** Cén chaoi ar roghnaigh foireann na Gaillimhe sibh le himirt leo? |
| 21 | **Murt:** Bhuamar Craobh an Chontae sa bhliain 1983 agus ba shin an tús, an dtuigeann |
| 22 | tú? Chonaic na boic mhóra istigh go raibh láidreacht, neart agus luas fúinn. Roghnaigh |
| 23 | siad muid agus thosaigh an traenáil i gceart ansin. Bhí mé naoi bhliana déag ag an am |
| 24 | agus bhí Seán scór bliain. Nach muid a bhí bródúil as féin? |
| 25 | **Liam:** Agus bhuaigh sibh Craobh na hÉirinn faoi thrí, nár bhuaigh? |
| 26 | **Murt:** Ní raibh teora linn a mhic ó! Bhuamar Craobh na hÉireann '86, '87 agus '88 trí |
| 27 | bliana as a chéile. Ba é Tomás Micilín Peaits Ó Flatharta an bainisteoir ab fhearr a bhí |
| 28 | againn riamh. Sárbhainisteoir ab ea agus sin í an fhírinne glan. Choinnigh sé smacht |
| 29 | orainn. Ba shin an t-am go mbíodh peileadóirí amuigh ag ól tar éis cluichí. Ní raibh |
| 30 | aon chead againn a bheith amuigh ar an drabhlás ná ag ól toitíní. Chuidigh sin linn. |
| 31 | Chreid sé ionainn. Thug sé spreagadh agus muinín dúinn. Ba iad sin laethanta óirge |
| 32 | m'óige agus bhí mé an-sásta iad a chaitheamh in éineacht le Seán. |
| 33 | **Liam:** Céard a cheapann tú de chúrsaí peile na laethanta seo, a Mhuirt? |
| 34 | **Murt:** Dheara, tá rudaí imithe in olcas níl aon dabht faoi, a dheartháir. Tá sé tar éis éirí |
| 35 | ró-iomaíoch anois, tá an spraoi agus an spórt imithe ón gcluiche. Níl bréag ar bith |
| 36 | ansin, bíodh a fhios agat. Mar sin féin, cuireann sé gliondar ar mo chroí dul suas ar an |
| 37 | bpáirc le breathnú ar na gasúir óga atá ag teacht chun cinn agus iad ag imirt leo mar a |
| 38 | bhínn féin fadó. Níl a shárú le fáil. |
| 39 | **Liam:** Go raibh míle maith agat, a Mhuirt. |
| 40 | **Murt:** Agus agatsa, a dheartháir. |









© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

| **Uimhir na Líne** | **An Leagan Mícheart** | **An Leagan Ceartaithe** |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |




**E. CAINT**

Tá Murt gafa leis na cluichí Gaelacha. An bhfuil tusa chomh gafa céanna? Pléigh na ceisteanna seo a leanas le do pháirtí ranga.

1. An imríonn tú le do chlub áitiúil? Mura n-imríonn, cén fáth sin?
2. Cé acu den dá chód a imríonn tú agus cé acu is fearr leat?
3. An bhfuil foireann peile, iománaíochta nó camógaíochta i do scoil?
4. Cén laoch peile/iománaíochta/camógaíochta atá agat agus cén fáth?
5. An raibh tú riamh i bPáirc an Chrócaigh? Má bhí, céard a cheap tú di?
6. Cén cluiche ab fhearr a chonaic tú riamh? Déan cur síos air.







snas.ie
© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**FREAGRAÍ & TREOIR**

**A. RÉAMHOBAIR**
Is féidir na ceisteanna seo a phlé le chéile ag tús an ranga le cabhrú leis na daltaí réamheolas ábhartha faoin mír físe a thabhairt chun cuimhne sula mbreathnaíonn siad uirthi.

**B. CLUASTUISCINT**
1. Barra de Barra
2. b. cúpla lá
3. a. Nach mbeidh sí réidh in am don réamhthaispeántas.
4. Cró snáthaide
5. Mam, Nana nó Daideo Naoise
6. Dan (athair Ella)
7. c. gur pian sa tóin a bhí ann
8. Iseult
9. b. faoi bhrú



**C. FEASACHT LITEARTHA**
Tabhair am do na daltaí na ceisteanna seo a phlé i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga.
D'fhéadfá iarraidh orthu freagraí a scríobh mar obair bhaile chomh maith.

**D. FEASACHT TEANGA**

| Uimhir na Líne | An Leagan Mícheart | An Leagan Ceartaithe |
|---|---|---|
| 1 | ag imirt peil | ag imirt peile |
| 2 | tharaim | tharam |
| 4 | ar an páirc | ar an bpáirc |
| 7 | Domhnach is Dalach | Domhnach is Dálach |
| 8 | i mo póca | i mo phóca |
| 10 | maithis | maitheas |
| 11 | an Gaillimhe | na Gaillimhe |
| 15 | sa club | sa chlub |
| 16 | neart cúnamh | neart cúnaimh |
| 23 | naoi bhliana déag | naoi mbliana déag |
| 24 | as féin | asainn féin |
| 25 | Craobh na hÉirinn | Craobh na hÉireann |
| 28 | sárbhainisteoir ab ea | sárbhainisteoir ab ea é |
| 28 | an fhírinne glan | an fhírinne ghlan |
| 31 | laethanta óirge | laethanta órga |



**E. CAINT**
Tabhair deis do na daltaí na ceisteanna seo a phlé i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga.




© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad